Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**14182/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0365(NLE)**

**UD 286**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 707 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena n osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 707 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2021) 707 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2021
COM(2021) 707 final

2021/0365 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Tá gá le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí i gcás nach leor an táirgeacht san Aontas le freastal ar riachtanais thionscal an úsáideora san Aontas ar feadh tréimhse chuóta áirithe. Mar fhreagra ar iarrataí ó Bhallstáit, déanann an Coimisiún, i gcomhar le saineolaithe na mBallstát lena mbaineann, measúnú agus cinneadh i dtaobh an osclófar taraif-chuótaí uathrialaitheacha do tháirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe.

An 17 Nollaig 2013 ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena ndéantar foráil maidir leis an mbainistiú sin chun go bhféadfaí freastal ar éileamh an Aontais le haghaidh na dtáirgí i gceist faoi na coinníollacha is fabhraí. Déantar an Rialachán seo a leasú faoi dhó sa bhliain chun freastal ar riachtanais thionscal an Aontais Eorpaigh.

Ós rud é:

- go ndearnadh an Rialachán a leasú 15 huaire cheana féin,
- is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar na cóid Ainmníochta Comhcheangailte a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 mar rinneadh cóid tháirge na hAinmníochta Comhcheangailte a nuashonrú le Rialachán (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún[1] chun gealltanais idirnáisiúnta a bhaineann leis na hathruithe ar ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe 2022 a chomhlíonadh,

ar mhaithe le soiléireacht, tá sé beartaithe Rialachán (AE) 1388/2013 ón gComhairle a aisghairm agus an togra seo a chur ina ionad.

Ba cheart taraif-chuótaí an Aontais a oscailt ag nialas nó ag rátaí laghdaithe dleachta uathrialaithí na Comhtharaife Custaim le haghaidh méideanna iomchuí de tháirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe, gan cur isteach ar na margaí le haghaidh táirgí den sórt sin. Is léir ó na pléití ag cruinnithe Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha go raibh na Ballstáit sásta na cuótaí a oscailt do na táirgí a chumhdaítear leis an togra seo le haghaidh Rialacháin agus nach gcuirfeadh na cuótaí sin isteach ar na margaí le haghaidh táirgí den sórt sin.

Tá an togra i gcomhréir le beartais an Aontais maidir leis an talmhaíocht, an trádáil, an fhiontraíocht, an fhorbairt, an comhshaol agus an caidreamh seachtrach. Níl tionchar ag an togra seo ar thíortha a bhfuil comhaontú um thrádáil fhabhrach acu leis an Aontas ná ar thíortha is iarrthóirí nó ar iarrthóirí ionchasacha i ndáil le comhaontuithe fabhracha leis an Aontas (e.g. Córas Ginearálaithe um Fhabhair; an córas grúp-thrádála san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin; Comhaontuithe Saorthrádála).

[1] Rialachán (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Mar a shonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha, tá na bearta a bheartaítear i gcomhréir leis na prionsabail maidir le nósanna imeachta a shimpliú le haghaidh oibreoirí atá i mbun trádáil eachtrach[2]. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

De bhua Airteagal 31 de CFAE, “Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú”. Dá bhrí sin, is é Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí an scéim um tharaif-chuótaí uathrialaitheacha mar chuid de staidéar meastóireachta maidir le fionraíochtaí taraife uathrialaitheacha a rinneadh in 2013[3].

Is é is cúis leis sin go bhfuil cosúlachtaí idir an dá bheart, ach go gcuireann taraif-chuótaí teorainn le méideanna allmhairí. Ba é ba chonclúid don mheastóireacht go bhfuil an bhunréasúnaíocht atá ann i leith na scéime fós bailí. Na coigiltis costais a bheidh ann do ghnólachtaí an Aontais a bhíonn ag allmhairiú earraí faoin scéim, d'fhéadfaidís a bheith mór. Ar an mbonn céanna, ach sin ag brath ar an táirge, ar an gcuideachta agus ar an earnáil, d’fhéadfadh tairbhí níos ginearálta a bheith leis na coigiltis sin, mar atá borradh a chur faoin iomaíochas, modhanna táirgthe a dhéanamh níos éifeachtúla agus poist a chruthú nó a choimeád san Aontas. Is féidir teacht ar na mionsonraí maidir le coigiltis an rialacháin seo i bpointe 4 agus sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha, grúpa atá comhdhéanta de hionadaithe ó gach Ballstát agus ón Tuirc. Na taraif-chuótaí uile a liostaítear,

---

[2] IO C 363, 13.12.2011, lch. 6.

[3] http://ec.europa.eu/taxation_customs/common/publications/studies/index_en.htm

socraíodh iad ar bhonn comhaontuithe nó comhréitithe a baineadh amach le linn phléití an ghrúpa.

Rinne Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha measúnú cúramach ar gach iarraidh (nua, nó le haghaidh leasaithe) chun a áirithiú nach ndéanfar aon dochar do tháirgeoirí an Aontais agus go ndéanfar iomaíochas táirgthe an Aontais a neartú agus a dhaingniú. Is trí bhíthin comhphlé a rinne baill Ghrúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha an measúnú agus chuaigh na Ballstáit i gcomhairle ansin leis na tionscail, leis na comhlachais, leis na comhlachais tráchtála agus leis na páirtithe leasmhara rannpháirteacha eile lena mbaineann.

Níor sainaithníodh aon riosca tromchúiseach féideartha a mbeadh iarmhairtí do-athraithe aige.

- **Measúnú tionchair**

Is de chineál teicniúil, agus den chineál sin amháin, é an leasú atá beartaithe, agus ní bhaineann sé ach le cumhdach na dtaraif-chuótaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 (arna n-aisghairm leis an dtogra seo agus lena gcuirtear an togra seo ina ionad). Ní dhearnadh measúnú tionchair toisc nach meastar go mbeidh tionchair shuntasacha ag na taraif-chuótaí.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bunúsacha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Amach agus isteach le EUR 186,5 milliún in aghaidh na bliana atá sna dleachtanna custaim nach mbaileofar de bharr an fhionraíocht a bheith ann. EUR 139,9 milliún in aghaidh na bliana is ea é an tionchar diúltach ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 75 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach, leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin ollioncam náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

2021/0365 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní leor táirgeacht táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe san Aontas chun ceanglais shonracha na dtionscal úsáideoirí ann a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, braitheann soláthairtí Aontais na dtáirgí sin ar allmhairí ó thríú tíortha. Na ceanglais is práinní a chuireann an tAontas ar na táirgí lena mbaineann, ba cheart iad a chomhlíonadh láithreach ar na téarmaí is fabhraí is féidir. Dá bhrí sin, na taraif-chuótaí de chuid an Aontais atá ag rátaí dleachta fabhracha, ba cheart iad a oscailt laistigh de theorainneacha méideanna iomchuí lena gcuirtear san áireamh an gá atá ann gan cur isteach ar na margaí le haghaidh táirgí den sórt sin nó gan bac a chur ar bhunú nó ar fhorbairt táirgthe san Aontas.

(2) Tá sé riachtanach rochtain chomhionann agus neamhbhriste ar tharaif-chuótaí an Aontais a áirithiú d'allmhairithe uile san Aontas agus feidhmiú neamhbhriste na rátaí a áirithiú a leagtar síos le haghaidh na gcuótaí sin maidir le hallmhairí uile na dtáirgí lena mbaineann a thugtar isteach chuig na Ballstáit go dtí go mbeidh na cuótaí uile ídithe.

(3) Déantar foráil i Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún[1] maidir le córas bainistíochta taraif-chuótaí lena n-áirithítear rochtain chomhionann agus neamhbhriste ar na cuótaí agus feidhmiú neamhbhriste na rátaí agus lena leantar ord croineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit na taraif-chuótaí arna n- oscailt ag an Rialachán seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras sin dá bhrí sin.

(4) Sloinntear méideanna na gcuótaí mar aonaid tomhais meáchain den chuid is mó. Maidir le táirgí áirithe lena n-osclaítear taraif-chuóta uathrialaitheach, leagtar amach méid an chuóta mar aonad eile tomhais. I gcás nach sonraítear aon aonad eile tomhais maidir leis na táirgí san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I

[1] Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle[2], is féidir go mbeidh éiginnteacht maidir leis an aonad tomhais a úsáidfear. Ar mhaithe le soiléireacht agus le bainistiú cuótaí níos fearr, is gá dá bhrí sin a fhoráil, chun tairbhe a bhaint as na taraif-chuótaí uathrialaitheach sin, go gcuirfear cainníochtaí beachta na dtáirgí a allmhairítear sa dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht lena n-úsáidtear aonad tomhais mhéid an chuóta a leagtar amach le haghaidh na dtáirgí sin san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(5) Is gá a shoiléiriú go mba cheart aon mheascán, aon ullmhóid nó aon táirge atá comhdhéanta de chomhábhair éagsúla ina bhfuil táirgí atá faoi réir taraif-chuótaí uathrialaitheacha a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo ós rud é nach bhfuil faoi réir na dtaraif-chuótaí uathrialaitheacha ach na táirgí mar a thuairiscítear san Iarscríbhinn.

(6) Rinneadh leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle[3] go minic. Ina theannta sin, de bhrí go ndearnadh uasdátú ar chódú na hAinmníochta Comhcheangailte[4] chun gealltanais idirnáisiúnta a bhaineann leis na hathruithe ar ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe 2022 (‘CC 2022’) a chomhlíonadh, tá gá le líon mór athruithe i gcóid AC na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle. Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht agus le trédhearcacht ba cheart rud eile a chur in ionad an Rialacháin sin ina iomláine.

(7) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun na bunchuspóirí a bhaint amach maidir le héascú trádála a chur chun cinn idir Ballstáit agus tríú tíortha, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos chun leas tráchtála oibreoirí eacnamaíocha an Aontais a chur i gcothromaíocht gan athrú a dhéanamh ar sceideal an Aontais leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(8) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na dtaraif-chuótaí agus chun na treoirlínte a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fionraíochtaí agus cuótaí taraifí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart na taraif-chuótaí le haghaidh na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus ba cheart feidhm a bheith aige ó 1 Eanáir 2022 mar ábhar práinne.

---

2 Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán(AE) Uimh. 7/2010 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 319).

4 Rialachán (AE) Uimh. 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Maidir leis na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfar taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a oscailt ar laistigh díobh a chuirfear na dleachtanna Comhtharaife Custaim ar fionraí, dá dtagraítear in Airteagal 56(2), (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], , le linn na dtréimhsí, ag na rátaí dleachta, agus suas go dtí na méideanna a shonraítear ann.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le haon mheascáin, ullmhóidí nó táirgí atá déanta de chomhpháirteanna difriúla a bhfuil táirgí iontu a liostaítear san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Déanfaidh an Coimisiún na taraif-chuótaí dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 49 go 54 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/2447.

*Airteagal 3*

I gcás ina dtaisctear dearbhú custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht le haghaidh na dtáirgí ar i ndáil leo a thugtar na haonaid fhorlíontacha san Iarscríbhinn, cuirfear cainníochtaí beachta na dtáirgí a allmhairítear sa dearbhú sin lena n-úsáidtear an t-aonad tomhais a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 4*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[5] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

## 2. LÍNTE BUISÉID

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2022: 17 912 606 159

## 2. TIONCHAR AIRGEADAIS:

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

X Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam; is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil[1])

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líne bhuiséid | Ioncam[2] | Tréimhse 12 mhí dar tús ll/mm/bbbb | [Bliain: 2022] |
| Airteagal 120 | *Tionchar ar acmhainní dílse* | 01/01/2022 | -139,9 |

Cuirtear an Rialachán seo in ionad Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013 ón gComhairle atá ann cheana. Tá 123 líne tháirgí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán atá ann cheana agus dá bharr sin, meastar gurb é EUR 186,5 milliún méid iomlán na dleachtanna custaim nach mbaileofar don bhliain 2021, bunaithe ar na figiúirí iarbhír don chéad sé mhí de 2021, arna iolrú faoi 2. Faightear an figiúr seo ar bhonn sonraí "Faireachais" DG TAXUD a bhaineann le luach iomlán allmhairí na dtáirgí a thagann faoi taraif-chuótaí uathrialaitheacha in 2021, arna iolrú faoi ráta dleachta *ad valorem* na Comhtharaife Custaim lena mbaineann le haghaidh na línte taraife sonracha. Eisiatar leis an méid iomlán thuas cheana féin na dleachtanna nach mbaileofar le haghaidh táirgí nach mbeidh fionraí orthu tar éis teacht i bhfeidhm an Rialachán seo agus aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1388/2013. Thairis sin, cuireadh na leasuithe ar mhéideanna cuóta na dtáirgí a bhfuil cuóta i bhfeidhm orthu cheana féin san áireamh chomh maith i ríomh deiridh an fhigiúir thuasluaite.

Meastar gurb é EUR 186,5 milliún (an méid comhlán, lena n-áirítear costais bhailithe) x 0,75 = EUR 139,9 milliún in aghaidh na bliana an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo i dtaca le caillteanas ioncaim do bhuiséad an Aontais.

[1] Méid táscach atá bunaithe ar na ríomhanna i roinn 2, thíos.

[2] I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 25 % a bhaint astu le haghaidh costais bhailiúcháin.

## 3. BEARTA FRITHCHALAOISE

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt de na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit aon rialú custaim a mheasann siad is cuí de réir a gcuid bainistíochta riosca, dá bhforáiltear le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh.°952/2013.